



Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil
Commissioner for Environmental Information

Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil

Athbhreithniú Bliantúil 2023



2024 ©Oifig an Choimisinéara um
Fhaisnéis Comhshaoil

6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 W773

Tel: (01) 639 5689
Ríomhphost: info@oeci.ie
Suíomh Gréasáin: www.oeci.ie

Deartha ag: wonder works



Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil
Commissioner for Environmental Information

Athbhreithniú Bliantúil 2023

Clár na nÁbhar

Brollach leis an gCoimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil	2
Nuashonrú ón Ard-Stiúrthóir	5
Caibidil 1: Athbhreithniú ar an mBliain	7
Torthaí ar Achomhairc	9
Cásanna a cuireadh i gcrích le Cinneadh	10
Achomhairc ón Tríú Páirtí	11
Diúltaithe Measta	11
Coinneáil ar an Eolas	15
Straitéis agus Rialachas Corparáideach	15
Caibidil 2: Téamaí a eascraíonn as achomhairc a réitíodh in 2023	16
Dualgas chun cúiseanna a thabhairt faoi na Rialacháin RFC	17
An riachtanas cuardaigh leordhóthanacha a dhéanamh	20
Scaipeadh gníomhach d'Fhaisnéis Comhshaoil	22
Iarratais ar léir go bhfuil siad míréasúnta	23
Idirghníomhaíocht le OCFC: Comhoibriú agus dul i ngleic leis na Rialacháin RFC	25
Caibidil 3: Cúrsaí Dlíthíochta	30
Breithiúnais chúirte a tugadh	31



Brollach leis an gCoimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil

Is é cuspóir na Rialachán agus an chórais um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil (RFC) a chur ar chumas bhaill an phobail eolas agus tuiscint a fháil ar an méid atá ag titim amach sa chomhshaoil timpeall orthu. Tá faisnéis thráthúil agus rochtain gan stró ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil bunriachtanach chun cabhrú leis an bpobal páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht faoin gcomhshaoil ar bhealach feasach.

Luaitear go soiléir sna Rialacháin RFC agus sa Treoir maidir le RFC go ndéantar talamh slán de go bhfuiltear i bhfabhar faisnéis faoin gcomhshaoil a scaoileadh. Is é ról Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil (an OCFC) tabhairt faoi athbhreithniú neamhspleách ar chinntí a rinne údaráis phoiblí ar iarrataí ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil.

Leagtar amach sa cháipéis seo athbhreithniú ar ár ngníomhaíochtaí don bhliain 2023, ar bhliain eile ghnóthach í don OCFC. Fuaireamar 351 achomharc in 2023 i gcomparáid le 369 in 2022. Leanann an laghdú beag seo an méadú an-tapa ar achomhairc a fuarthas le blianta beaga anuas, méadú 151% san áireamh ar achomhairc a fuarthas idir 2021 agus 2022.

Thug mé chun airde i m'athbhreithniú Bliantúil don bhliain 2022 ar an líon thar a bheith ard nach féidir glacadh leis de dhiúltú measta i measc achomharc a fuair ár nOifig. Is éard is diúltú measta ann ná nuair a theipeann ar údarás poiblí cinneadh a sholáthar in am. Thug mé chun airde gurb ionann diúltú measta agus teip dho-ghlactha thar ceann roinnt údaráis phoiblí iarrataí ar Rochtain ar Faisnéis Faoin Gcomhshaoil (iarrataí RFC) a phríoiseáil ar bhealach tráthúil.

Tá áthas orm a lua gur thugamar laghdú suntasach faoi deara in 2023 ar an líon diúltú measta. Tháinig laghdú 40% ar dhiúltú measta ar chéim an bhunchinnidh, laghdú 62% ar dhiúltú measta ar chéim an athbhreithnithe inmheánaigh agus laghdú 76% ar údaráis phoiblí ar theip orthu cinntí tráthúla a dhéanamh ag céim an bhunchinnidh agus an athbhreithnithe inmheánaigh

araon. Cuirim fáilte mhór roimh na feabhsúcháin seo. Léiríonn siad go bhfuil níos mó dá n-iarrataí RFC á bpróiseáil ag údaráis phoiblí go gníomhach ar bhealach tráthúil. Mar sin féin, teastaíonn feabhsúcháin bhreise ó roinnt údaráis phoiblí i dtaobh iarrataí RFC a phróiseáil laistigh de na hamfhrámaí reachtúla.

Nuair a fhaighimid achomharc, déanaimid meas ar gach cás chun an réiteach is fearr agus is féidir a shainiú. Déanaimid idirchaidreamh leis na páirtithe chun ceisteanna a réiteach ag an gcéim is luaithe. Cuireann an t-údarás poiblí faisnéis nó cúiseanna ar fáil, amanna, dá bharr seo chun sásaimh an achomharcóra agus aistarraingíonn an t-achomharcóir a n-achomharc dá thoradh sin.

Cé gur díomách go dteastaíonn ár n-idirghabháil chun an toradh sin a bhaint amach, fáiltímid roimh thoilteanas thar ceann roinnt údaráis phoiblí agus achomharcóirí comhaontú a bhaint amach ar achomhairc a cuireadh faoinár mbráid gan gá a bheith le cinneadh foirmiúil a eisiúint.

D'eisíomar 136 cinneadh foirmiúil in 2023. Tá díomá orm a thabhairt le fios nár dearbhaíodh cinneadh an údaráis phoiblí ach i seacht (5.14%) gcinn de na cásanna i gcrích trí chinneadh ceangailteach foirmiúil in 2023. Athraíodh cinneadh an údaráis phoiblí i gceithre cinn de na cinntí (2.94%), agus cuireadh cinneadh an údaráis phoiblí ar neamhní in 125 cás (91.91%).

Tá ráta neamhnithe díreach faoi bhun 92% beagnach mar an gcéanna le ráta neamhnithe 2022. Ábhar leanúnach buartha í an treocht leanúnach de rátaí arda neamhnithe. Ciallaíonn neamhniú, i bhformhór mór na gcásanna, nár aontaíomar le haon chuid de chinneadh an údaráis phoiblí - agus d'ordaíomar go dtabharfar faoi scrúdú úrnua ar an iarraidh nó an fhaisnéis faoi chaibidil a scaoileadh.

Shainiúimid roinnt téamaí, a chuireann leis an gcás do-ghlactha seo inar soiléir go bhfuil ag teip ar roinnt údaráis phoiblí a bhfreagrachtaí a shásamh agus iad ag déileáil le hiarrataí ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil.

Tugaimid chun suntais, ach go háirithe, go dteipeann ar roinnt údaráis phoiblí tabhairt faoi chuardaigh, nó go dtugann siad faoi chuardaigh neamhleora, agus iad ag freagairt ar iarrataí a rinneadh ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil. Diúltaíonn roinnt díobh rochtain ar an mbunús nach raibh an fhaisnéis atá á iarraidh acu nó nárbh ann di. Deimhníodh gurbh ann don fhaisnéis, mar sin féin, roinnt uaireanta, tar éis go ndearnamar imscrúdú agus cuardaigh chearta.

Teip eile atá ar roinnt údaráis phoiblí ná go dteipeann orthu cúiseanna a thabhairt atá lena gcinneadh. Eascraíonn an dualgas chun cúiseanna a thabhairt atá le cinneadh ón bhfreagracht dhlíthiúil atá ar an údarás poiblí faoi na Rialacháin RFC. Croíphrionsabal aitheanta atá ann freisin i ndlí riaracháin agus is gné bhunúsach é den cheartas bunreachtúil. Tá duine a ndiúltaítear dá n-iarraidh i dteideal go dtugtar cúiseanna soiléire dóibh leis an diúltú sin chun gur féidir leo dearcadh a chruthú maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil údar leis an diúltú, nó cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil gá le hathbhreithniú ar an diúltú.

Leanfaimid le béim a leagan ar an ngá atá le hidirchaidreamh bríoch agus comhoibriú níos fearr idir iarrthóirí agus údaráis phoiblí ar an gcéad dul síos. Nuair a chuirtear an méid iarrataí san áireamh atá á bhfáil ag roinnt údaráis phoiblí, tá ar iarrthóirí iarrataí dírithe a sheoladh, agus idirchaidreamh a dhéanamh le húdaráis phoiblí agus machnamh a dhéanamh ar scóip a n-iarrataí a chuíchóiriú pé áit ar féidir. Is dóchúla go bhfaighidh iarrthóirí an fhaisnéis atá siad i dteideal a fháil dá bharr seo.

Leagaimid amach san Athbhreithniú Bliantúil seo faisnéis bhreise maidir leis na saincheisteanna seo agus eile a bhfuil an ráta ard neamhnithe cinntí ag eascairt astu i measc údaráis phoiblí i dtaobh iarrataí RFC. Tugaimid limistéir chun solais ina gcreidimid go bhfuil gá le feabhsú agus gur féidir iad a fheabhsú. Cuirimid cás-staidéir san áireamh, ar achoimrí gearra iad ar chinntí a eisíodh, chun go mbeidh tuiscint níos fearr ag údaráis phoiblí agus ag iarrthóirí ar conas a fheidhmíonn an próiseas achomhairc RFC. Cuirimid naisc ar fáil freisin le cinntí iomlána, atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin – www.ocei.ie.

Spreagfainn cinn údarás poiblí a chinntiú go dtugtar an tacaíocht agus an oiliúint uile riachtanach do chinnteoirí RFC, lena chur ar a gcumas cinntí cearta a dhéanamh go comhsheasmhach agus comhlíonadh na Rialachán a chinntiú.

Mheabhróinn d'údaráis phoiblí freisin go bhfuil dualgas orthu faisnéis a scaipeadh go réamhghníomhach faoin gcomhshaoil. D'fhéadfadh scaipeadh deonach níos fearr feabhas mór a chur ar rochtain agus an gá le hiarrataí ar rochtain a laghdú. Bheadh brú i bhfad níos lú dá bharr seo ar acmhainní údarás poiblí.

Mar chonclúid, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na páirtithe leasmhara éagsúla, achomharcóirí, údaráis phoiblí agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide san áireamh dá gcomhoibriú leanúnach. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl, ach go háirithe, d'fhoireann uile an OCFC, faoi cheannaireacht na nImscrúdaitheoirí Sinsearacha Deirdre Gallagher agus Julie O'Leary as ucht a dtiomantais agus a ndianoibre, agus seirbhís ardchaighdeáin á soláthar acu.



Ger Deering

An Coimisinéir um Fhaisnéis
Comhshaoil
Aibreán 2024



Nuashonrú ón Ard-Stiúrthóir

Ár gCuspóirí Straitéiseacha a Bhaint Amach

I dtosach ba mhaith liom moladh a thabhairt dár bhfoireann as a n-obair dhian le linn na bliana i dtaobh leanúint lenár bpríomhchuspóir straitéiseach a bhaint chun cinntí cruinne, soiléire agus a bhfuil bunús daingean leo a sholáthar faoi achomhairc le hOifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil (an OCFC). Tá cásobair an OCFC an-dúshlánach. Cé go leanaimid le hacmhainní na hOifige a mhéadú agus le hathruithe a dhéanamh ar ár bpróisis lena chinntiú gur féidir linn achomhairc a phróiseáil níos éifeachtúla, ba é an líon achomharc a bhí ar láimh ag deireadh na bliana an líon ab airde ó bunaíodh an OCFC. Léiríonn seo an chaoi gur tugadh méadú faoi deara i measc údaráis phoiblí i ngach earnáil ar iarrataí ar Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil (RFC) le 24 mí anuas agus gur féidir leis an tsaincheist a bhaineann le rochtain a fháil ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil a bheith sách naimhdeach, amanna. Thugamar laghdú faoi deara ar an méid cinntí a rinneadh a achomharc leis an Ard-Chúirt i rith 2023 agus bhaineamar dul chun cinn amach i dtaobh idirchaidreamh luath agus ceart ag comhlachtaí poiblí lenár n-imscrúdaitheoirí le réitigh neamhfhoirmiúla a bhaint amach.

Sheolamar ár Straitéis 2025 i rith 2022 ina leagtar amach príomhchuspóirí ár nOifige go dtí 2025. Tá áthas orm a thabhairt le fios go ndearnamar roinnt dár gcuspóirí straitéiseacha a thabhairt chun cinn níos mó i rith 2023. I dtaobh ár gcuspóir a bhaint amach chun tuiscint níos fearr ar oibleagáidí údarás poiblí a chur chun cinn maidir le RFC, chuireamar treoir nuashonraithe le chéile ar féidir le húdaráis phoiblí a úsáid nuair atá siad ag déileáil le hiarrataí RFC. D'fhreastail ár bhfoireann ar roinnt cúrsaí oiliúna agus comhdhálacha i gcaitheamh 2023 atá ar aon dul lenár gcuspóir chun ár saineolas ar an gcóras RFC a fhorbairt agus a fhairsingiú go leanúnach. Sheolamar ár suíomh gréasáin níos luaithe i mbliana a chabhróidh lenár gcuspóir a bhaint amach chun sásraí sábháilte agus inrochtana a sholáthar do bhaill den phobal chun teacht ar ár seirbhísí.

Tá “cnámh droma chorparáideach” laistiar d’fhoireann an OCFC, a sholáthraíonn na tacaíochtaí uile cúloifige don fhoireann, chun go mbíonn ár n-imscrúdaitheoirí go léir go hiomlán ar fáil le díriú ar chásobair RFC. Is éard atá sa chnámh droma chorparáideach Acmhainní Daonna, TFC, Airgeadas, Soláthar, Saoráidí, Cúrsaí Dlí, Cumarsáid, anuas ar thacaíocht chun iarrataí ar Chosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise a láimhseáil. Bhain an fhoireann TFC dul chun cinn suntasach amach in 2023 trí go leor dár bhfeidhmeanna tacaíochta a sheachfhoinsiú chuig Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OPOFR) agus trínár Straitéis TFC a ailíniú le straitéis an OPOFR. Cuideoidh sé seo le n-ár slandáil sonraí a fheabhsú agus athléimneacht fhadtéarmach a chruthú inár gcóras. Lean ár bhfoireann Dhlíthiúil le tacaíocht a sholáthar do gach ceann de na hoifigí maidir le cásobair agus imscrúduithe agus rinne siad ár gcostais dlí agus ár soláthar a bhainistiú agus díriú ar dhearbhu cáilíochta agus ar luach ar airgead. Ghlacamar páirt freisin sa chéad tonn de Chóras Bainistíochta Airgeadais nua na Státseirbhíse, ar thionscadal mór é dár bhfoireann Airgeadais agus táim bródúil as an obair a rinne siad leis.

Tá áthas orm leis an dul chun cinn atá á dhéanamh againn ar ár Cuspóirí Straitéiseacha. De réir mar a dhruideann an pointe leathbhealaigh linn inár Straitéis 2025, táimid ag tnúth le hathbhreithniú a dhéanamh ar ár ndul chun cinn i rith 2024 i dtaobh ár gculpóirí a fhíorú agus sainnithint a dhéanamh dteastaíonn breithniú ó chuspóirí eile.



Elaine Cassidy
Ard-Stiúrthóir

Caibidil 1


Athbhreithniú ar an mBliain



Caibidil 1: Athbhreithniú ar an mBliain

Léiríonn na cairteacha thíos an méadú easpóntantúil ar líon na gcásanna a bhí ag Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil (OCFC) le blianta beaga anuas. Áiríodh leis seo ardú easpóntantúil 151% gan fasach ar achomhairc a fuarthas idir 2021 agus 2022. Mhaolaigh líon na n-achomharc le linn 2023. Cé gur tharla laghdú 4.87% ar líon na n-achomharc in 2023 i gcomparáid le 2022, is í 373, líon na n-achomharc deireadh bliana atá fós idir lámha, an uimhir is airde ó bunaíodh an OCFC.

Líon na n-achomarc a fuarthas agus atá idir lámha ó 2019 go dtí 2023




De bharr na feidhme athbhreithnithe atá againn, níl eolas ag an Oifig seo ach ar iarratais Rochtain ar Fhaisnéis Comhshaoil (RFC) a chuirtear chugainn mar achomharc, agus níl eolas againn ar fhormhór na n-iarratas RFC a dhéantar d'údaráis phoiblí nach bhfeicimid san Oifig. Sna blianta roimhe seo, bhaineamar úsáid as staitisticí náisiúnta RFC, foilsithe agus curtha le chéile ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun tuairim a fháil faoi líon na n-iarratas RFC a dhéantar go náisiúnta. Chuir sé seo ar ár gcumas céatadán na n-iarratas a chuirtear ar aghaidh chuig an OCFC a ríomh.

I mbliana, áfach, tá ár n-athbhreithniú bliantúil á ullmhú agus á fhoilsiú níos luaithe sa bhliain ná mar a rinneadh roimhe seo. Mar thoradh air sin, níl an Roinn críochnaithe le staitisticí náisiúnta RFC a bhailiú agus a chur le chéile. Mar sin, ní féidir linn céatadán na n-iarratas RFC a tháinig isteach chugainn san Oifig a ríomh. Is féidir teacht ar staitisticí ó bhlianta roimhe seo ag an nasc seo mar aon leis na staitisticí RFC do 2023 a eiseofar in am tráth:

<https://www.gov.ie/en/collection/257c4-national-aie-statistics/#>

Torthaí ar Achomhairc

Líon na gcásanna a cuireadh i gcrích agus na cinntí foirmiúla a rinneadh




Tar éis dúinn achomharc bailí a fháil, déanaimid measúnú ar gach cás chun an réiteach is fearr is féidir a shainiú. Breithnímid an bhfuil ionchas réasúnta ann go réiteofar cás gan cinneadh foirmiúil ceangailteach a eisiúint. Tá sé mar aidhm againn cúrsaí a réiteach ag an gcéim is luaithe den phróiseas.

Bainimid an méid sin amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cúinsí an cháis a phlé leis an achomharcóir lena chinntiú go bhfuil an tuiscint atá againn ar raon feidhme a n-achomharc ceart agus go bhfuil sé laistigh de raon feidhme a n-iarratais bhunaidh;
- a áirithiú go bhfreastalófar ar na gnéithe is práinní nó is ríthábhachtaí den achomharc a luaithe is féidir; agus
- iarracht a dhéanamh teacht ar shocrú idir an t-údarás poiblí agus an t-achomharcóir.

Cásanna a cuireadh i gcrích sa bhliain 2023




Cásanna dúnta ag an Aonad Tacaíochta: I gcásanna nár thug údarás poiblí cinneadh d'iarrastasóir laistigh den achar ama atá leagtha síos sna Rialacháin RFC, is féidir leis/léi achomharc a dhéanamh leis an Oifig seo bunaithe ar dhiúltiú measta. Sna cásanna seo, iarrfaidh ár nAonad Tacaíochta ar an údarás poiblí cinneadh déanach a sholáthar don achomharcóir. Tugaimid stádas éifeachtach ar an gcinneadh déanach seo mar go dtarlaíonn sé lasmuigh den achar ama atá leagtha síos sa reachtaíocht. Nuair a sholáthraíonn údarás poiblí stádas éifeachtach, dúnann an tAonad Tacaíochta na cásanna sin. Thit sciar na gcásanna a dhún an tAonad Tacaíochta in 2023 – dúnadh 29 achomharc – agus b'ionann sin agus 13.43% de na cásanna a dúnadh sa bhliain sin. Is ionann é seo agus laghdú 6% i gcomparáid le 2022 inar dhún an tAonad Tacaíochta cúigiú (19.38%) de chásanna.

Socráithe: Tugaimid tuairisc gur socraíodh cásanna más rud é, tráth ar bith tar éis glacadh le hachomharc, go nglacann an t-údarás poiblí bearta a fhágann nach dteastaíonn cinneadh ceangailteach foirmiúil ó achomharcóir. Is féidir teacht ar réiteach ag céim ar bith den phróiseas imscrúdaithe sula n-eisítear cinneadh foirmiúil. Dúnadh 41 achomharc faoi shocrú in 2023.

Is údar misnigh dúinn go bhfuil roinnt údarás poiblí agus achomharcóirí toilteanach teacht ar chomhaontú maidir le hachomhairc a cuireadh ar aghaidh chuig ár nOifig gan gá le cinneadh foirmiúil a eisiúint.

Cásanna a cuireadh i gcrích le Cinneadh

Toradh na gcásanna a cuireadh i gcrích le cinneadh



Sa chás go gcuirtear athbhreithniú i gcrích trí chinneadh ceangailteach foirmiúil, bainimid úsáid as na catagóirí seo a leanas

- Rinneadh an cinneadh a dhearbhu: Aontaíonn an OCFC go hiomlán leis an údarás poiblí
- Athraíodh an cinneadh: Go n-athraíonn an OCFC aon chuid de chinneadh an údaráis poiblí ach ní athraíonn sé an cinneadh in a iomlán
- Cinneadh a cuireadh ar neamhní: Ní aontaíonn an OCFC le haon chuid de chinneadh an údaráis poiblí

I seacht gcás (5.14 %) de na 136 gcás a dúnadh le cinneadh ceangailteach foirmiúil in 2023, rinneadh cinneadh an údaráis poiblí a dhearbhu. I gceithre cinn de na cinní (2.94 %), rinneadh an cinneadh a athrú agus in 125 (91.91%) rinneadh an cinneadh a neamhniú.

Tá an ráta neamhnithe seo, díreach faoi bhun 92%, beagnach mar an gcéanna leis an ráta neamhnithe a bhí ann in 2022. Is cúis imní i gconáí í an treoht leanúnach seo maidir le rátaí neamhnithe arda.

Ciallaíonn na neamhnithe sin, i bhformhór mór na gcásanna, nár aontaigh muid le haon chuid de chinneadh an údaráis poiblí — agus d'ordaíomar dó tabhairt faoi scrúdú nua ar an iarratas nó an fhaisnéis atá i gceist a scaoileadh.

Achomhairc Tríú Páirtí

Aithnítear i reachtaíocht intíre agus i reachtaíocht RFC an Aontais Eorpaigh nach mór cearta tríú páirtí a chothromú leis an gceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil. Forálann airteagal 12(3)(b) de Rialacháin RFC gur féidir le duine seachas an t-iarratasóir nó tríú páirtí achomharc in aghaidh cinneadh chuig OCFC a thionscnamh sna cásanna seo a leanas:

“go ndéanfaí duine seachas an t-iarratasóir, lena n-áirítear tríú páirtí, a ionchoiriú tríd an bhfaisnéis chomhshaoil lena mbaineann a nochtadh”.

In 2023, d'eisiamar cinneadh sa chás **OCE-120059-J8M5X7, Comhlacht A agus an Coimisiún um Rialáil Fónais**. Bhain sé seo le hachomharc tríú páirtí a fuaireamar sa bhliain 2022.

Diúltuithe Measta


Tarlaíonn diúltiú measta nuair a theipeann ar údarás poiblí cinneadh a dhéanamh in am nuair a chuirtear san áireamh an spriocam atá leagtha síos sna Rialacháin RFC do na cinní tosaigh agus ag an gcéim athbhreithnithe inmheánaigh.

Inár dtuairisc bhliantúil 2022, phléamar líon ard na ndiúltuithe measta a fuarthas mar achomharc san Oifig seo in 2022 agus dúramar nach raibh sé inghlactha go dteipeann ar roinnt údaráis poiblí iarratais RFC a phróiseáil go tráthúil.


Is cúis áthais dúinn a thabhairt faoi deara go raibh laghdú suntasach ann i líon na ndiúltuithe measta in 2023. Fuaireamar 351 achomharc san Oifig seo. Tharla laghdú 40.41% ar líon na ndiúltuithe measta ag an gcinneadh tosaigh, laghdú 62.19% ag an gcéim athbhreithnithe inmheánaigh agus laghdú 76.27% ar líon na n-údarás poiblí ar theip orthu cinneadh tráthúil a dhéanamh ag an dá chéim. Is ábhar misnigh dúinn an laghdú seo i sciar na ndiúltuithe measta. Léiríonn sé go bhfuil níos mó iarratas RFC á bpróiseáil go tráthúil ag na húdaráis phoiblí.

É sin ráite, d'fhéadfaí tuilleadh feabhais a chur ar chúrsaí. Sna figiúirí thíos, fecitear go bhfuil líon ard cásanna ann inar theip ar údaráis phoiblí cinneadh a dhéanamh in am ag gach céim den phróiseas próiseála d'iarratais RFC.


Cásanna inar theip ar údaráis phoiblí cinneadh a thabhairt in am



Diúltuithe measta ag an gcéad chinneadh



Diúltuithe measta ag an Athbhreithniú Inmheánach (an dara céim)



*An cheist a bhaineann leis na cásanna sin is cé acu is údarás poiblí é an t-aonán, a ndearnadh an t-iarraitas air, nó nach ea de réir an tsainmhínte atá le fáil i Rialacháin RFC.

Coinneáil ar an eolas

D'fhreastail ár bhfoireann ar roinnt cúrsaí oiliúna agus comhdhálacha le linn 2022. Chuir siad sin deiseanna tábhachtacha ar fáil chun nascadh le cleachtóirí agus acadóirí agus foghlaim uathu. D'fhreastail foireann OCFC ar Chomhdháil DLí agus an Chomhshaoil i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh i mí Aibreáin 2023 agus thug siad cur i láthair ag an gComhdháil. Ina theannta sin, d'fhreastail ár bhfoireann ar imeachtaí a d'óstáil Ionad na hÉireann um an DLí Eorpach agus Lónra Comhshaoil na hÉireann níos deireanaí sa bhliain.

Ghlacamar páirt in imeacht oiliúna in Aibreán 2023 leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha maidir le hiarratais RFC a phróiseáil. Cuirimid fáilte i gcónaí roimh an deis déileáil le páirtithe leasmhara, go háirithe oifigigh RFC, agus léargas a thabhairt maidir leis na saincheistanna a thagann chun cinn san Oifig le feabhas a chur ar phróiseáil ar iarratais RFC.

Straitéis agus Rialachas Corparáideach

Soláthraíonn Oifig an Ombudsman tacaíocht ó Sheirbhísí Corparáideacha d'Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil agus do roinnt Oifigí reachtúla eile. Cé go ndéanann na hOifigí éagsúla feidhmeanna reachtúla soiléire ar leith, feidhmíonn an Oifig mar ghníomhaireacht chónasctha aonair i dtéarmaí eagraíochtúla. Tá an Oifig maoinithe ag Vóta amháin agus á maoirsiú ag Oifigeach Cuntasaíochta (Ard-Stiúrthóir) a fhaigheann tacaíocht ó Choiste Comhairleach Bainistíochta. Agus iad i mbun a gcuid oibre glacann ár bhfoireann leis na hoibleagáidí traidisiúnta príobháideachta agus ioncracais i bhfeidhmiú a ndualgas oifigiúil agus ag an am céanna ag cosaint agus ag caomhnú neamhspleáchas reachtúil agus feidhmeanna gach ceann de na comhoifigí ina n-oibríonn siad.

Tá nuashonruithe maidir lenár Rialachas Corparáideach leagtha amach ar an leathanach [Straitéise agus Rialachais](#) ar láithreán gréasáin Oifig an Ombudsman.

Cuimsíonn an nasc seo nuashonruithe maidir le:

- ár bPlean Straitéiseach 2022-25
- ár gcomhlíontacht leis na ceanglais faoi Acht na Gaeilge
- ár gcomhlíontacht le ceanglais an Achta um Nochtadh Cosanta
- ár gcomhlíontacht leis na ceanglais faoin Acht a.42 IHREC (an dualgas ar sheirbhísigh phoiblí i ndáil le cearta daonna)
- ár gCreat Rialachais Chorparáidigh
- ár bhFoireann Ghlas (lena n-áirtear ár gcomhlíonadh leis an Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin)
- ballraíocht eagraíochtaí.

Caibidil 2

Téamaí a eascraíonn as achomhairc a réitíodh in 2023



Caibidil 2: Téamaí a eascraíonn as achomhairc a réitíodh in 2023

Tá roinnt téamaí aitheanta againn, a tháinig chun cinn le linn achomhairc a bheith á réiteach ag an Oifig seo. Leagtar béim sa chuid seo ar na réimsí ina gcreidimid go bhfuil feabhas riachtanach agus gur féidir feabhas a chur orthu. San áireamh againn anseo tá cás-staidéir, ar achoimrí gearra iad ar chinntí a eisítear, ionas go mbeidh tuiscint níos fearr ag údaráis phoiblí agus ag iarrthóirí ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an próiseas achomhairc RFC. Cuirimid naisc ar fáil freisin chuig na cinntí iomlána atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin.

Is iad seo a leanas na príomhthéamaí ar mian linn aird a tharraingt orthu:

1. An dualgas cúiseanna a thabhairt do chinntí faoi na Rialacháin RFC;
2. An riachtanas cuardach sásúil a dhéanamh;
3. Iarratais ar léir nach bhfuil réasúnach a bhreithniú;
4. Idirghníomhaíocht leis an OCFC.

Dualgas chun cúiseanna a thabhairt do chinntí faoi na Rialacháin RFC

Ceanglaítear ar údaráis phoiblí, mar ábhar dlí, cúiseanna a thabhairt lena gcinntí. Ceanglaíonn airteagail 7(4) agus 11(4) de na Rialacháin RFC ar údaráis phoiblí cúiseanna don diúltiú a sholáthar ag an gcéim thosaigh agus ag céim an athbhreithnithe inmheánaigh araon, ar aon dul le hAirteagal 4(5) den Treoir RFC. De réir Réamhaithrise 16 den Treoir RFC "...Ba chóir cúiseanna an diúltaithe a sholáthar don iarratasóir laistigh den achar ama atá leagtha síos sa Treoir seo." Foráiltear in Airteagal 4(5) den Treoir RFC "go gcuirfear in iúl don achomharcóir mainneachtain an údaráis phoiblí an fhaisnéis go léir nó cuid di a sholáthar... San fhógra luafar na cúiseanna gur diúltaíodh don iarratas...".

Arís in 2023, ba é an téama coitianta a bhain leis na hachomhairc a ndearna an Oifig seo imscrúdú orthu ná teip na n-údarás poiblí réasúnú leordhóthanach a chur ar fáil dá gcinntí. Tagann an easpa comhlíonta sin chun cinn ar bhealaí éagsúla. Chomh maith le cásanna nár tugadh míniú ar bith ina leith, áirítear cásanna ina ndeireann údaráis phoiblí nach faisnéis chomhshaoil í an fhaisnéis, nó nach bhfuil aon fhaisnéis ábhartha acu, gan aon mhionsonraí a chur ar fáil maidir leis an gcaoi ar thángthas ar na conclúidí sin. Chuimsigh sé freisin cásanna ina luann údaráis phoiblí foras le diúltú dá bhforáiltear i Rialacháin RFC gan míniú a thabhairt ar cén fáth gur mheas siad, go háirithe, go mbeadh feidhm ag an bhforas sin, nó cén fáth gur mó an leas chun an fhaisnéis a dhiúltú ná leas an phobail ina nochtadh.

Má theipeann ar údarás poiblí cúiseanna a thabhairt ag aon chuid den phróiseas RFC, sáraíonn sé na dualgais a chuireann Rialacháin RFC agus an Treoir ar údaráis phoiblí. Mar thoradh air sin, baintear úsáid neamhéifeachtúil as acmhainní d'údaráis phoiblí, don OCFC, don achomharcóir agus don tseirbhís phoiblí i gcoitinne.

Tá sé soiléir sna Rialacháin agus sa Treoir RFC go bhfuil toimhde ann i bhfabhar scaoileadh faisnéise comhshaoil. Tríd is tríd, ciallaíonn sé seo nuair a dhéantar iarratas faoi na Rialacháin RFC, nach mór d'údarás poiblí an fhaisnéis uile a iarrtar a chur ar fáil nó a leagan amach go soiléir cén fáth nach measann sé gur gá nó gur cuí an fhaisnéis go léir nó cuid di a chur ar fáil. Ní mór gach iarratas a bhreithniú ar bhonn aonair.

Ina theannta sin, i *Right to Know v An Taoiseach* [2018] IEHC 372 leag an Ard-Chúirt amach go soiléir nach leor ach foráil de na Rialacháin RFC a lua chun an dualgas cúiseanna a thabhairt a chomhlíonadh. Le cásdlí CBAE maidir leis an Treoir agus maidir le Rialachán Aarhus AE, dearbhaítear freisin cineál fairsing an dualgais cúiseanna a thabhairt.

Thar aon ní eile, is é bunchuspóir an dualgais cúiseanna a thabhairt ná cead a thabhairt don fhaighteoir an bonn ar a ndearnadh an cinneadh a thuiscint, ionas gur féidir leo cinneadh a dhéanamh an mian leo agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin. Is léir ó aighneachtaí chuig an Oifig seo gur minic a chuireann iarrthóirí, in easpa réasúnaíocht ar bith ar fáil dóibh maidir le cinneadh, agóid in aghaidh chinneadh an údaráis phoiblí ar an mbonn sin amháin. Ó idirghníomhaíochtaí le hachomharcóirí, go háirithe ag céim an tsocraithe go luath, is léir dúinn go nglacfaidh roinnt iarrthóirí le toradh an iarratais gan dul ar iontaoibh na hOifige seo, dá mbeadh an réasúnaíocht soiléir ón tús.

Is é ár gcur chuige ginearálta i leith cásanna inar dhiúltaigh an t-údarás poiblí cúiseanna sásúla a sholáthar ná cinneadh an údaráis phoiblí a chur ar neamhní agus ordú a thabhairt dó dul i mbun próisis chinnteoireachta nua nó an fhaisnéis a scaoileadh.

Sna cás-staidéir feictear samplaí den líon suntasach achomharc ar dhéileáil an OCFC leo le linn 2023 nuair nár tugadh cúis shoiléir lena gcinntí. Tá tuilleadh samplaí le feiceáil freisin sa mhír a bhaineann le “Cásanna Cuardaigh”.

Teipeann ar Údarás Eitlíochta na hÉireann cúiseanna a thabhairt le diúltú faisnéis a sholáthar faoi thimpiste

Sa chás seo, an cheist a bhí ann ná an raibh údar ag Údarás Eitlíochta na hÉireann (ÚEE) diúltiú don iarratas a rinne an t-achomharcóir ar fhaisnéis a bhain leis “an tuairisc a d’ullmhaigh Rialtóirí Aerthráchta faoin timpiste R116 ag Cuan an Fhóid Duibh i mí an Mhárta 2017.”

Sa chinneadh a rinne sé ar dtús, chuir ÚEÉ tuairisc ÚEÉ ar fáil don achomharcóir agus dúirt sé go raibh an t-eolas a bhí á lorg le fáil ann. Dúirt an t-achomharcóir, san iarratas a rinne sí ar athbhreithniú inmheánach, nárbh í sin an Tuairisc Rialtóra Aerthrachta a bhí á lorg aici. San athbhreithniú inmheánach, dúirt ÚEÉ go bhfuil sonraí oibríochtúla faoi chosaint Rialacháin AE 376/2014, a bhaineann le tuairisciú, le hanailísiú agus obair leantach maidir le teagmhais a tharlaíonn san eitlíocht shibhialta. Mhínigh sé freisin gurb é an tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí an comhlacht cú chun a leithéid d'fhaisnéis a sholáthar.

D'iarr an Oifig seo go minic le linn an athbhreithnithe ar ÚEÉ cóip den Tuairisc Rialtóra Aerthrachta a sholáthar agus lorgaíomar deimhniú maidir le cén fáth go mbeadh díolúine ag baint lena leithéid d'fhaisnéis a scaoileadh faoi Rialacháin an AE. Rinne ÚEÉ tagairt arís do Rialachán AE 376/2014, gan sonraí a thabhairt faoin mbaint atá ag an Rialachán seo leis an iarratas, agus dúirt sé arís gurb é an tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí an comhlacht cú chun a leithéid d'fhaisnéis a sholáthar. Níor mhínigh ÚEÉ an chúis ar dhiúltaigh sé an fhaisnéis a bhí á lorg a scaoileadh. Níor fhreagair sé ceistanna áirithe a chuir an Oifig seo ach an oiread.

Sa chinneadh a rinne sé, chuir an Coimisinéir béim ar dhualgas na n-údarás poiblí faoin Treoir RFC agus na Rialacháin RFC cúiseanna a sholáthar nuair a dhiúltaítear d'iarratas RFC. Ní raibh an Coimisinéir sásta gur chomhlíon ÚEÉ go hiomlán an Treoir RFC agus na Rialacháin RFC. Dúirt sé nár luaigh ÚEÉ aon chúis faoin Rialachán AE mar údar chun an Tuairisc Rialtóra Aerthrachta a dhiúltú. Dúirt sé nach é ról an OCFC forais nó cúiseanna a dheimhniú thar ceann ÚEÉ.

Mar thoradh air sin, chuir an Coimisinéir ar neamhní go hiomlán cinneadh ÚEÉ agus thug sé ordú dó dul i mbun próisis chinnteoireachta nua maidir le hiarratas an achomharcóra, ceann a bheidh ag teacht le Rialacháin an RFC.

OCE-127739-F6N9X8 *An tUasal H agus Údarás Eitlíochta na hÉireann*

Ní léiríonn cinneadh na Roinne Talmhaíochta ar fhógraí láithreáin foraoiseachta go gcuirfí isteach ar rúndacht

Sna cásanna seo, ban cheist a bhí ann ná an raibh an ceart ag an Roinn gan rochtain a sholáthar ar ainmneacha agus seoltaí ar fhógraí láithreáin foraoiseachta.

Dhiúltaigh an Roinn, ina cinntí, rochtain a sholáthar ar ainmneacha agus ar sheoltaí faoi airteagal 8(a) (i) de na Rialacháin RFC, ina ndéantar an fhoráil "ní chuirfidh údarás poiblí faisnéis chomhshaoil ar fáil...i gcás ina ndéanfadh nochtadh na faisnéise dochar do



rúndacht faisnéise pearsanta a bhaineann le duine nádúrtha nár thoiligh go scaoilfí an fhaisnéis sin, agus má tá an rúndacht sin cosanta faoin dlí”.

Sa chinneadh a rinne sé, tharraing an Coimisinéir aird ar an tábhacht a bhaineann ar fhoclaíocht na forála díolúine faoi chaibidil agus an cóir brath uirthi. Má táthar ag brath ar airteagal 8(a)(i) de na Rialacháin RFC, ní mór d’údarás poiblí a léiriú go bhfuiltear ag déileáil le faisnéis phearsanta a bhaineann le duine nádúrtha nár thoiligh go scaoilfí an fhaisnéis; go bhfuil rúndacht ag baint leis an fhaisnéis phearsanta, go bhfuil foráil faoin dlí do rúndacht na faisnéise pearsanta sin; agus go mbeadh drochthionchar ar an rúndacht sin dá scaoilfí í. Ní mór don údarás poiblí a léiriú go bhfuil nasc soiléir idir scaoileadh na faisnéise atá á coinneáil agus aon drochthionchar. Ba chóir go bhféadfaí an riosca a thuar go réasúnta go mbainfear an bonn den rúndacht agus ní cóir gur riosca hipitéiseach amháin atá i gceist.

Dúirt an Coimisinéir gur léir go raibh easpa cúiseanna mar bhonn don diúltiú a rinne an Roinn an fhaisnéis a scaoileadh. Mhínigh sé nach leor foráil díolúine a lua gan míniú a sholáthar. Bhí sé sásta nár sholáthair an Roinn cúiseanna leordhóthanacha mar bhonn don diúltiú.

Thug an Coimisinéir faoi deara freisin gur chuimsigh an fhaisnéis a bhí á coinneáil, ainmneacha agus seoltaí daoine a rinne iarratas ar cheadúnais fhoraiseachta. Bhí sé sásta go bhfuil ainm, baile fearainn agus contae iarratasóra le feiceáil ar fhógra láithreáin atá ar taispeáint go poiblí mar chuid den nós imeachta iarratais atá i bhfeidhm chun ceadúnas foraiseachta a fháil. Mar sin, ós rud é go raibh an fhaisnéis seo san fhearann poiblí roimhe seo sa chomhthéacs sin, chinn sé nach faisnéis rúnda í. Chinn sé, mar sin, nár chruthaigh an Roinn gur cuireadh an fhaisnéis in eagar de réir riachtanas na Rialachán RFC.

Chuir an Coimisinéir cinneadh na Roinne ar neamhní agus dhírigh sé go scaoilfí na nainmneacha agus na seoltaí a bhí ar na fógraí láithreáin foraiseachta a bhain le hábhar.

Tá an cinneadh iomlán ar fáil ag: **OCE-128262-B9G0Z2** and **OCE-138020-L5T6K8** *An tUasal F agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara*

An riachtanas cuardaigh leordhóthanacha a dhéanamh

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, d’eascair roinnt achomharc a fuarthas san Oifig in 2023 as diúltuithe ó údarais phoiblí, faisnéis a eisiúint d’iarratasóirí, nó gan ach faisnéis a scaoileadh go páirteach chucu, ar an mbonn nach raibh an fhaisnéis sin acu.

Is é cur chuige na hOifige seo nuair atáthar ag déileáil le cásanna inar dhiúltaigh údarás poiblí d’iarratas faoi airteagal 7(5) ná scrúdú a dhéanamh ar na céimeanna a tógadh chun faisnéis comhshaoil ábhartha a shainaithint agus a aimsiú, ag brath ar chúinsí faoi leith. Chun a dheimhniú ar tógadh céimeanna cuí, cuirtear i bhfeidhm caighdeán réasúntachta.

Go minic ní mór don údarás poiblí roinnt comhthéacs a sholáthar maidir leis an tsaincheist chomh maith le heolas faoina nósanna imeachta inmheánacha agus na doiciméid a d'fhéadfaí a bheith ag súil go nginnfear iad mar thoradh ar iarratas faoi leith. Ní gnách go gcuardaíonn an Oifig seo faisnéis comhshaoil.

Is éard atá i gceist le hAirteagal 7(5) de na Rialacháin RFC ná an fhoráil a fheidhmíonn nuair nach bhfuil an fhaisnéis iarrtha i seilbh an údaráis phoiblí nó nach bhfuil an fhaisnéis á coimeád thar ceann an údaráis, nó ní ann don fhaisnéis; agus ceanglaíonn sé ar an údarás poiblí é sin a chur in iúl don iarrthóir. Mar sin féin, cé nach nach bhfuil aon ní sna Rialacháin faoi chuardaigh a dhéanann údaráis phoiblí, chun go mbeidh údarás poiblí ábalta brath ar an airteagal seo, is réamhriachtanas nádúrtha é go mbeidh curdach réasúnta déanta aige mar fhreagairt ar iarratas faoi na Rialacháin RFC chun a bheith cinnte nach bhfuil an fhaisnéis ina seilbh acu. Tá baint ag an riachtanas seo leis an dualgas atá ar údaráis phoiblí údar a thabhairt dá gcinntí, lena n-áirítear dearbhú nach bhfuil an fhaisnéis atá faoi réir iarratais RFC ina seilbh acu.

Agus é ag déileáil le cásanna den chineál seo, ní mór don Choimisinéir a bheith sásta go ndearna údaráis phoiblí cuardaigh réasúnta agus leordhóthanach chun an fhaisnéis go léir a shainathint agus a aimsiú atá á coinneáil aige nó atá ábhartha d'iarratas an achomharcóir, agus gur cuireadh an fhaisnéis sin go léir ar fáil don achomharcóir de réir na Rialachán, seachas sa chás go bhfuil sí faoi réir díolúine.

Nuair a bhí achomhairc á bpróiseáil bunaithe ar airteagal 7(5) in 2023, thug an OCFC faoi deara nach ndearna údaráis phoiblí, i líon suntasach de chásanna, cuardach ar bith an fhaisnéis a d'iarradh a shainathint nó rinneadh curadaigh neamhleora.

Más amhlaidh nach ndearna údaráis phoiblí faisnéis a chuardach ar chor ar bith nó má rinne said cuardach a bhí neamhleor, níltear ag comhlíonadh na Rialacháin RFC, atá bunaithe ar fhaisnéis comhshaoil a bheith ar fáil, faoi réir roinnt díolúintí teoranta. Cuirtear i gcuimhne d'údaráis phoiblí nach féidir leo na rialacháin RFC a chomhlíonadh mura ndéanann siad cuardach leordhóthanach. Ar an dóigh sin, beidh siad ag freastail ar leas an phobail trí fhaisnéis comhshaoil a scaoileadh d'iarrthóirí.

Ba chóir a nótáil go gcuireann na cásanna cuardaigh seo ualach trom ar acmhainní na hOifige seo mar éilíonn siad go gcaithfidh imscrúdaitheoirí am ag déileáil le húdaráis phoiblí chun cuardaigh a dhéanamh nó má chinntear gan cuardaigh a dhéanamh, cibé cé acu. Go minic,



tarlaíonn sé go sainaithnítear taifid bhreise agus go scaoiltear iad, nó soláthraítear tuilleadh sonraí, agus mar thoradh air sin, tá na hachomharcóirí sásta an t-achomharc a tharraingt siar. Sá dá chás seo, bheadh sé níos fearr dá ndéanfadh na húdaráis phoiblí cuardach leordhóthanach ar dtús chun gach taifead ábhartha a shainaithint agus dóthain sonraí a sholáthar ina gcinntí tosaigh agus san athbhreithniú inmheánach chun go mbeidh iarrthóirí ábalta a mheas an bhfuil taifid bhreise ann a bhaineann lena n-iarratas. Bíonn mar thoradh ar chuardach neamhleora de chuid na n-údarás poiblí ná go ndéantar achomharc go dtí an Oifig seo, agus dá bharr sin baineann na húdaráis phoiblí úsáid as tuilleadh acmhainní chun iarratais RFC a phróiseáil.

Scaipeadh gníomhach d’Fhaisnéis Comhshaoil

Ceanglaíonn forálacha airteagal 3(5) agus 7 den Treoir RFC ar Bhallstáit córais a chur i bhfeidhm a chinnteoidh go gcoimeádann údaráis phoiblí faisnéis comhshaoil agus go ndéanann siad í a thaifeadadh i gceart ionas gur féidir í a scaipeadh agus a chur ar fáil don phobal. Tá dualgas ar údaráis phoiblí faoi airteagal 4 de na Rialacháin RFC, faisnéis chomhshaoil a choinneáil ar bhealach atá in-atáirgthe agus inrochtana go héasca chun a chinntiú go bhfuil sí cruinn agus cothrom le dáta. Ceanglaíonn sé freisin ar údaráis phoiblí cláir nó liostaí faisnéise comhshaoil a choimeád agus go mbeidh sé soiléir cá bhfuil an fhaisnéis sin le fáil.

Ina theannta sin, tá sé de dhualgas ar údaráis phoiblí cinnte a dhéanamh de go bhfuil dóthain nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirtear ar fáil d’achomharcóir an fhaisnéis atá ina seilbh acu nuair a dhéantar iarratas RFC, agus go bhfuil an fhaisnéis sin, chomh fada agus is eol dóibh, cruinn. Mar a dúradh cheana, níl sé inmhianach go mbeidh mórán comhfhreagrais ann idir údarás poiblí agus OCFC chun a chinntiú go ndéantar a leithéid de chuardach.

Is maith is eol do OCFC go n-úsáideann na cuardaigh a dhéanann údaráis phoiblí acmhainní, agus i roinnt cásanna baintear baill foirne ó dhualgais thábhachtacha eile. Má dhéantar cuardach go maith agus ar bhealach cuí, áfach, beidh mar thoradh air sin ná go mbeidh laghdú ar an ualach oibre, mar beidh na hiarrthóirí sásta, má thugtar an t-eolas sin dóibh, go ndearna na húdaráis phoiblí cuardach cuimsitheach, níos sásta ná mar bheidís dá bhfaigheadh siad litir ina ndiúltaítear an fhaisnéis a scaoileadh nó cuid di a scaoileadh. Dá réir sin, ní dócha go ndéanfaidh siad iarratas ar athbhreithniú inmheánach maidir leis an gcinneadh tosaigh nó, ní dócha go ndéanfaidh said achomharc go dtí ár nOifig maidir le torthaí an athbhreithnithe inmheánaigh, agus is fearr is féidir an fhoireann a oibríonn ar iarratais sna húdaráis phoiblí a imlonnú.

Cuardach neamhleor déanta ag an Roinn Talmhaíochta i 20 achomharc

Sa chás thíos, léirítear mainneachtain údaráis phoiblí maidir lena a dhualgas cuardach leordhóthanach a dhéanamh. Is cás ilchodach é a eisíodh ar 30 Bealtaine 2023 a bhain le 20 achomharc a cuireadh ar aghaidh chuig OCFC agus a tháinig chun cinn toisc gur dhiúltaigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara faisnéis a bhain le cúrsaí foraoiseachta.

I ngach achomhairc, d'aithin OCFC nár chomhlíon próiseas cinnteoireachta na Roinne na freagrachtaí a chuireann na Rialacháin RFC ar údaráis phoiblí. Sa chinneadh tugadh faoi deara, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na hachomhairc, nach ndearna an Roinn cuardaigh sásula agus ba dhíol suntais é nár thug an Roinn cúis ar bith gur diúltaíodh do na hiarratais ina cuid cinntí. Tugadh faoi deara sa chinneadh, ní hamháin de bharr na Rialachán agus na Treorach RFC atá an dualgas ann cúiseanna a thabhairt, ach aithítear mar bhunphrionsabal é go ginearálta sa dlí riaracháin agus is eilimint bhunúsach é den cheartas bunreachtúil (féach, mar shampla, *Right to Know v An Taoiseach* [2018] IEHC 372, *Meadows v an tAire Dlí agus Cirt* [2010] IESC 3 agus *Balz & Anor v An Bord Pleanála & Ors* [2019] IESC 90). Tuigtear ó na breithiúnais seo, má dhiúltaítear faisnéis a sholáthar d'iarrthóir, nó cuid den fhaisnéis din, tá an t-iarrthóir i dteideal míniú soiléir a fháil don diúltiú sin. An chúis taobh thiar den dualgas seo ná chun go mbeidh ar chumas iarrthóra cinneadh a dhéanamh é nó í féin an bhfuil údar leis an diúltiú sin. Bhí an Coimisinéir den tuairim go raibh sé “do-ghlactha gur sholáthair an Roinn na cúiseanna díreach céanna mar fhreagairt ar mhórán iarratas, gan fiú leibhéal bunúsach den réasúnaíocht taobh thiar den chinneadh a sholáthar. Téann sé seo i gcoinne fuarlitreach agus spioraid na Rialacháin RFC faoina bhfuil an Roinn ceangailte”. Chun a ceart a thabhairt don Roinn, tar éis cumarsáid ó OCFC, d'admhaigh sí go bhféadfadh sé nár chomhlíon sí go hiomlán na Rialacháin RFC agus na hiarratais seo á bpróiseáil aici. Toisc gur measadh nach raibh sé cuí ordú a thabhairt an fhaisnéis a bhí á lorg sna hachomhairc seo a scaoileadh, cuiradh ar ais chuig an Roinn iad le haghaidh athbhreithnithe nua agus próisis chinnteoireachta nua.

Tá an cinneadh iomlán ar fáil ag: **OCE-125285-R5R7T4** *Achomharcóirí éagsúla agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (an Roinn)*

Iarratais ar léir go bhfuil siad míréasúnta

De réir airteagail 9(2) de na Rialacháin RFC, a thrasúíonn airteagal 4(1)(b) ón Treoir RFC, “go bhféadfaidh údarás poiblí diúltú faisnéis a chur ar fáil má mheastar go bhfuil an t-iarratas míréasúnta, mar gheall ar an réimse ábhair atá á lorg, má tá an t-iarratas ró-ghinearálta nó mura bhfuil an t-ábhar a iarradh curtha i gcrích go fóill.”

Sa chás go bhfuil sé ar intinn ag údarás poiblí iarraidh faoi airteagal 9(2)(a) de Rialacháin RFC a dhiúltú, ba cheart dó cuidiú ar dtús leis an iarrthóir an iarraidh a athfhoirmliú de réir mar is cuí. Ba cheart d'údaráis phoiblí agus d'iarrthóirí araon féachaint le hidirchaidreamh cuiditheach a dhéanamh d'fhonn an iarraidh a phróiseáil go hiomlán chomh héifeachtúil agus is féidir.

Tuigtear faoi airteagal 7(2)(b) de na Rialacháin RFC agus airteagal 3(2)(b) den Treoir RFC go mbeifear ag próiseáil iarratais an-mhóra agus casta, agus ceadaítear síneadh ama ar an ngnáthamfráma aon mhí faoina gcleanglaítear an t-údarás poiblí cinneadh a eisiúint. Ní gá, mar sin, go mbeidh iarratas clúdaithe faoin díolúine “míréasúnta go follasach” toisc go bhfuil sé ollmhór nó casta.

